2024/2060

31.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2060 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Iúil 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1192 a mhéid a bhaineann leis an teimpléad le haghaidh suirbhéanna ar *Globodera pallida* (Stone) Behrens agus *Globodera rostochiensis* (Wollenweber) Behrens, úsáid na modhanna tástála agus ainmniú láithreán táirgthe inmhíolaithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(1), pointí (a) go (h), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1192 ([2]) bunaítear bearta chun *Globodera pallida* (Stone) Behrens agus *Globodera rostochiensis* (Wollenweber) Behrens ('na lotnaidí sonraithe') a dhíothú agus chun a leathadh a chosc i gcríoch an Aontais. Tháinig sé i gcomharbas ar Threoir 2007/33/CE ón gComhairle ([3]), Treoir a aisghaireadh le Rialachán (AE) 2016/2031 le héifeacht ón 1 Eanáir 2022 ar aghaidh.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1192, tá na húdaráis inniúla le láithreán táirgthe a ainmniú mar láithreán inmhíolaithe i gcás inar deimhníodh go hoifigiúil láithreacht na lotnaide sonraithe sa láithreán sin leis na tástálacha dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(3) Maidir le goirt a thaifead na húdaráis inniúla go hoifigiúil mar ghoirt inmhíolaithe leis an lotnaid shonraithe, de bhun Airteagal 8(1) nó Airteagal 8(2) de Threoir 2007/33/CE, roimh an 1 Eanáir 2022, bhí amhras ann ar cheart iad a mheas a bheith ainmnithe mar láithreáin táirgthe inmhíolaithe freisin chun críocha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1192. Chun a áirithiú go gcosnófar críoch an Aontais ón lotnaid shonraithe ar an leibhéal is airde is féidir, ba cheart na goirt sin a bheith faoi réir na gceanglas céanna leis na láithreáin táirgthe a ainmnítear mar láithreáin inmhíolaithe de bhun Airteagal 5(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1192. Ar an gcúis sin, in Airteagal 5(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, ba cheart a shoiléiriú gur cheart a mheas go bhfuil goirt a taifeadadh go hoifigiúil mar ghoirt inmhíolaithe roimh an 1 Eanáir 2022 le bheith ainmnithe mar láithreáin táirgthe inmhíolaithe freisin.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1192, go dtí an 15 Iúil 2024, féadfar tástáil a dhéanamh trí úsáid a bhaint as modh leithlise na gcisteanna néimeatóidí ón smionagar, agus an speiceas a bhrath agus a shainaithint le PCR fíor-ama ina dhiaidh sin ar bhonn Beniers *et al.* 2014, in ionad na modhanna maidir le lotnaidí sonraithe a bhrath agus a shainaithint a liostaítear i bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn III.

(5) I bhfoilseachán eolaíoch a foilsíodh le déanaí ([4]), deimhníodh bailíocht agus éifeachtacht an mhodha tástála sin. Ar an gcúis sin, ba cheart é a chur leis na modhanna tástála a leagtar amach i bpointí 1(b)(ii) agus (iii) d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1192, sin in éineacht leis an tásc 'PCR fíor-ama ar bhonn Lombard *et al.* 2024', ach ba cheart Airteagal 13 a scriosadh toisc é a bheith imithe i léig.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1192 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2022 lena mbunaítear bearta chun *Globodera pallida* (Stone) Behrens agus *Globodera rostochiensis* (Wollenweber) Behrens a dhíothú agus chun a leathadh a chosc, (IO L 185, 12.7.2022, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1192/oj).

([3]) Treoir 2007/33/CE ón gComhairle an 11 Meitheamh 2007 maidir le srianadh néimeatóidí cist práta agus lena n-aisghairtear Treoir 69/465/CEE (IO L 156, 16.6.2007, lch. 12), ELI http://data.europa.eu/eli/dir/2007/33/oj).

([4]) Lombard L, Dekker-Nooren CCEM, Wuijster B, van Kessel, SP, van Duivenbode I, van Bruggen AS, van Heese EYJ (2024) *Comparing the effectiveness of real time PCRs to simultaneously detect and identify viable* Globodera pallida *and* G. rostochiensis. Eur J Plant Pathol, https://doi.org/10.1007/s10658-024-02864-7.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1192, tá na Ballstáit le torthaí na suirbhéanna oifigiúla braite a thaifeadadh go hoifigiúil agus iad a chur ar fáil don Choimisiún, arna iarraidh sin dó, i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(7) Is gá an teimpléid sin d'Iarscríbhinn IV a bheith níos mionsonraithe chun taifeadadh níos cuimsithí ar thorthaí an tsuirbhé sin a áirithiú. Ar an gcúis sin, ba cheart na gnéithe seo a leanas a áireamh sa teimpléad nua: catagóir an tsuirbhé trí thagairt shonrach do thiúbair prátaí nó plandaí óstacha eile, méid tosaigh agus nuashonraithe an limistéir inmhíolaithe, uimhir fógra na ráigeanna nua agus faisnéis bhreise.

(8) Thairis sin, is gá a shoiléiriú ina chéad abairt in Iarscríbhinn IV go bhfuil an teimpléad le torthaí na suirbhéanna a rinneadh le linn na bliana féilire roimh bhliain an tuairiscithe a chur i láthair.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1192 a leasú dá réir sin.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1192

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1192 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Goirt a thaifead na húdaráis inniúla go hoifigiúil mar ghoirt inmhíolaithe, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) nó Airteagal 8(2) de Threoir 2007/33/CE, roimh an 1 Eanáir 2022, measfar iad a bheith ainmnithe mar láithreáin táirgthe inmhíolaithe;';

(2) scriostar Airteagal 13;

(3) in Iarscríbhinn III, leasaítear pointe 1(b) mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

'(ii) leithlisiú cisteanna *Globodera* ón smionagar bunaithe ar mhoirfeolaíocht na ciste, ina dhiaidh sin aithint speiceas bunaithe ar mhoirfeolaíocht na gcisteanna aonair agus na n-óg-órgánach, in éineacht le PCR fíor-ama ar bhonn Gamel et al., 2017 nó PCR fíor-ama ar bhonn Lombard *et al.* 2024 (*);

(*) * Lombard L, Dekker-Nooren CCEM, Wuijster B, van Kessel, SP, van Duivenbode I, van Bruggen AS, van Heese EYJ (2024) *Comparing the effectiveness of real time PCRs to simultaneously detect and identify viable* Globodera pallida *and* G. rostochiensis. Eur J Plant Pathol, https://doi.org/10.1007/s10658-024-02864-7';

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(iv) leithlisiú cisteanna néimeatóidí ón smionagar bunaithe ar mhoirfeolaíocht na ciste, tar éis speiceas a bhrath agus a shainaithint ar bhonn PCR fíor-ama cisteanna inmharthana agus óg-orgánach beo ar bhonn Lombard *et al.* 2024';

(4) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/1192:

'Teimpléad suirbhé mar a thagraítear dó in Airteagal 3 agus in Airteagal 6

Teimpléad chun torthaí na suirbhéanna ar **néimeatóidí cist práta** a rinneadh le linn na bliana féilire roimh bhliain an tuairiscithe a chur i láthair.

Ná húsáid an tábla seo ach amháin le haghaidh thorthaí an tsuirbhé i leith prátaí a buanadh i do thír féin.

An Ballstát	An cineál suirbhé	Catagóir	Limistéar faoi bharr (ha) [1]	Limistéar a ndearnadh suirbhé air (ha)	Ráta samplála curtha i bhfeidhm tar éis phointí 1-7 a d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1192 [2]	Limistéar inmhíolaithe tar éis tástáil saotharlainne (ha)			Méid tosaigh an limistéir inmhíolaithe [3] (ha)	Méid nuashonraithe an limistéir inmhíolaithe [4] (ha)	Uimhreacha fógra na ráigeanna ar tugadh fógra ina leith, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715	Faisnéis bhreise
						G. p. amháin [3]	*G. r.* amháin [4]	*G. p.* agus *G. r.* i láthair le chéile ar an láithreán táirgthe céanna				
	Brath (Airteagal 3 de Rialachán 2022/1192)	— Tiúbair prátaí chun tiúbair a tháirgeadh le haghaidh plandú [7] ; agus — Plandaí óstacha eile, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2022/1192 [8]										
	Faireachán (Airteagal 6 de Rialachán 2022/1192)	Prátaí seachas na prátaí sin le haghaidh plandú										

(1) Níl sé ábhartha ach amháin i gcás suirbhéanna faireacháin.
(2) Ráta samplála de réir bhrí Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1192 (arna chinneadh de réir mhéid an tsampla den chuid is mó); úsáid ró aonair le haghaidh gach ráta samplála, faoi seach.
(3) *Globodera pallida*.
(4) *Globodera rostochiensis*.
(5) Méid iomlán an limistéir inmhíolaithe sa bhliain roimh an mbliain a chumhdaítear leis an tuarascáil.
(6) Méid iomlán an limistéir inmhíolaithe sa bhliain a chumhdaítear leis an tuarascáil.
(7) Níl gá le suirbhé braite chun prátaí a phlandú atá beartaithe lena n-úsáid chun tiúbair prátaí a tháirgeadh atá le húsáid laistigh den áit chéanna táirgthe atá suite laistigh de limistéar arna shainiú ag na húdaráis inniúla.
(8) Níl gá le haon suirbhé braite i gcás plandaí in Iarscríbhinn I le haghaidh plandú, plandaí atá beartaithe a athphlandú laistigh den ionad táirgthe céanna atá suite laistigh de limistéar arna shainiú ag na húdaráis inniúla agus i gcás plandaí a liostaítear i bpointí 2 agus 3 d'Iarscríbhinn I atá beartaithe a athphlandú, i gcás ina bhfuil na plandaí buainte le bheith faoi réir bearta atá formheasta go hoifigiúil dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II.'